# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2014

# Scéim Mharcála

# GAEILGE

## Bonnleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

**SCRÚDÚ NA hARDTEISTIMÉIREACHTA 2014**

**GAEILGE (BONNLEIBHÉAL)**

**SCÉIM MHARCÁLA**

# CUID I: CLUASTUISCINT (120 marc)

**Ceist 1 (14 mharc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Garda Síochána = an dara pictiúr | ... 7 marc ) | = **14 mharc** |
| (b) | Cill Chainnigh | ... 7 marc ) | |

**Ceist 2 (14 mharc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Lúthchleasaíocht = an ceathrú pictiúr | ... 7 marc ) | = **14 mharc** |
| (b) | Scoláireacht | ... 7 marc ) | |

**Ceist 3 (8 marc)**

An bhunscoil = an tríú pictiúr ... 8 marc ) = **8 marc**

**Ceist 4 (8 marc)**

An bosca ag an mbarr ar dheis (tic nó saighead) .... 8 marc ) = **8 marc**

**Ceist 5 (16 mharc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Fliuch = an chéad phictiúr | ... 8 marc ) | = **16 mharc** |
| (b) | Tráthnóna amárach | ... 8 marc ) | |

**Ceist 6 (20 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Maidin Dé hAoine | .. 10 marc ) | = **20 marc** |
| (b) | Sa charr | ... 10 marc ) | |

**Ceist 7 (20 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Seachtain ó shin | ... 10 marc ) | = **20 marc** |
| (b) | Printíseacht mar mheicneoir | ... 10 marc ) | |

**Ceist 8 (20 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (a) | Ag staidéar | ... 10 marc ) | = **20 marc** |
| (b) | Ag comórtas snámha | ... 10 marc ) | |

## CUID II: ROINN I - LÉAMHTHUISCINT (150 marc)

**Ceist 1:** Meaitseáil: **(40 marc)**

| **Uimhir an phictiúir** | **Litir** |
|---|---|
| 1 | D |
| 2 | C |
| 3 | I |
| 4 | H |
| 5 | A |
| 6 | G |
| 7 | E |
| 8 | J |
| 9 | F |
| 10 | B |

**10 x 4 mharc = 40 marc**

An Nós Marcála:

- An marc bronnta a chur sa bhosca (4 nó 0) agus an t-iomlán ag bun an leathanaigh, agus dhá líne faoi.
- An t-iomlán a chur in aice le huimhir na ceiste, agus ciorcal timpeall air agus é a aistriú go dtí an bosca cuí ar an ngreille ar an gclúdach.
- Beifear ag súil le litir ach glacfar le córas eile (uimhir an phictiúir in ionad litir an phictiúir) má tá sé soiléir / intuigthe.
- Iomlán carnach a bhreacadh ag bun an leathanaigh.

**Ceist 2** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(50 marc)**

**(a) Litir (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Co. An Chabháin | ... 5 mharc) | |
| 2. | Grád C | ... 5 mharc) | |
| 3. | Obair pháirtaimseartha | ... 5 mharc) | = **25 marc** |
| 4. | €9 | ... 5 mharc) | |
| 5. | Bainisteoir | ... 5 mharc) | |

**(b) Bróisiúr (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | An Charraig Fhinn | ... 5 mharc) | |
| 2. | Carr | ... 5 mharc) | |
| 3 | Trá ghainmheach | ... 5 mharc) | = **25 marc** |
| 4. | Machairí gailf | ... 5 mharc) | |
| 5. | Siúlóidí breátha | ... 5 mharc) | |

**(c) Scéal Nuachta (25 marc)**

| | | | |
|---|---|---|---|
| 1. | Deartháireacha | ... 5 mharc) | |
| 2. | Corcaigh | ... 5 mharc) | |
| 3. | Go barr an tsléibhe | ... 5 mharc) | = **25 marc** |
| 4. | A chos | ... 5 mharc) | |
| 5. | An fhoireann tarrthála | ... 5 mharc) | |

**Ceist 3** Freagair do rogha **dhá cheann** de (a), (b), (c) anseo thíos. **(60 marc)**

**(a) Alt (30 marc)**

1. Páistí bunscoile ... 6 mharc)

2. Sa Ghaeltacht ... 6 mharc)

3. Sa mheánscoil ... 6 mharc) = **30 marc**

4. *"Éadaí faiseanta"* ***nó*** *"faiseanta",*
   *"Caitheann Máire (Treasa) éadaí faiseanta"*
   *"Caitheann sí éadaí faiseanta"* ... 6 mharc)

5. Ar stíl imeartha rugbaí ... 6 mharc)

**(b) Giota (30 marc)**

1. I gContae Mhaigh Eo ... 6 mharc)

2. *"(chun) ( tús) an fhómhair a cheiliúradh"*
   *nó*
   *"thug na daoine sin ómós don ghrian ó bharr an tsléibhe"*
   ... 6 mharc)
   *"ceiliúradh"* (leis féin, 3 mharc)

3. Bhí sé ag guí ... 6 mharc) = **30 marc**

4. Séipéal beag ... 6 mharc)

5. Líon na gcuairteoirí ... 6 mharc)

**(c) Véarsaí (30 marc)**

1. 70 ...6 mharc)

2. "*Nach mbeidh sí óg arís*"
*nó*
"*Is deir sí linn go minic*
*Nach mbeidh sí óg arís*". ...6 mharc)
Líne bhreise amháin (-2)
An véarsa ar fad (-4)

3. An croí istigh ...6 mharc) = **30 marc**

4. Éisteann sí ...6 mharc)

5. Grá ...6 mharc)

## CUID II: ROINN II - SCRÍOBH NA TEANGA (90 marc)

*Comhairle speisialta*

- *faoi chumas*
- *faoi chumarsáid*
- *faoi chruinneas Gaeilge*
- *faoi ábhar nach bhfuil 'ad rem'*
- *faoi ábhar neamhghnách.*

**Ní ceartú atá i gceist ach measúnú agus marcáil.**

Déantar an mharcáil faoi dhá cheannteideal: Cumas Cumarsáide agus Cruinneas Gaeilge.

Cumas: An cumas atá san iarrthóir a smaointe a chur in iúl trí Ghaeilge.

Cumarsáid: Tagann cumarsáid i gceist nuair is féidir linn teachtaireacht agus smaointe an iarrthóra a thuiscint.

Cumas Cumarsáide:

Is ionann seo agus an cumas atá san iarrthóir an tasc cumarsáide a tugadh dó/di a chomhlíonadh.

Cruinneas Gaeilge:

(i) Dul na Gaeilge - struchtúir na Gaeilge agus cruinneas gramadaí.
(ii) Foclóir - cruinneas foclóra.
(iii) Litriú - cé go mbeadh sé seo san áireamh moltar gan an iomarca béime a chur ar an ngné seo ag an leibhéal seo.

Ábhar nach bhfuil 'ad rem':

Cuirfear comhairle ar scrúdaitheoirí ina thaobh seo i gcás gach fo-cheiste.

Ábhar Neamhghnách:

Cuirfidh an scrúdaitheoir comhairleach comhairle ar an scrúdaitheoir faoi seo.

**N.B.**: Ná glac le Béarla.

Má dhéantar an dá rogha, marcáil an dá cheann agus bronn an marc is airde. Cuir lúibíní cearnógacha thart ar an marc is ísle. Cuir an marc bronnta in aice le huimhir na ceiste.

**Ceist 4** Freagair (a) **NÓ** (b). **(40 marc)**

Cumas Cumarsáide = 30 marc)
= 40 marc
Cruinneas Gaeilge = 10 marc)

**(a) Fógra (40 marc)**

Tasc → Fógra a scríobh amach bunaithe ar na pictiúir agus ar na treoracha.

Cumas Cumarsáide = **30 marc**

(i) Leagan Amach 1 mharc
Iarracht ar fhógra (tic leis an bhfocal *Fógra* agus san imeall) = 1 mharc

(ii) Treoracha 29 marc

Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna.

- **Pictiúr 1 (8 marc)**
  - Cén rud a bheidh ar siúl? 4 mharc
  - Cén áit a mbeidh sé? 4 mharc
- **Pictiúr 2 (13 mharc)**
  - Cén lá? 4 mharc
  - Dáta? 3 mharc
  - Am? 3 mharc
  - Cead isteach? 3 mharc
- **Pictiúr 3 (4 mharc)**
  - Cén t-aoi speisialta? 4 mharc
- **Pictiúr 4 (4 mharc)**
  - Cá rachaidh an t-airgead? 4 mharc

**Cruinneas Gaeilge** = **10 marc**
Bronn marc as 10 ar an gCruinneas Gaeilge san iarracht iomlán.

**Pictiúr 1  Cén Rud a bheidh ar siúl?  4 mharc**

Glac leis na freagraí seo ar 4 mharc.

*Seisiún Ceoil; Ceolchoirm; Ceol Traidisiúnta; Oíche Cheoil; Seó Tallainne; Taispeántas Ceoil; Comórtas Ceoil; "X Factor";"The Voice";"Scór";"Fleá Cheoil"…*

Ainm grúpa ag seinm (ach é a bheith oiriúnach).

Beidh pionós -1 i gceist má luaitear *" Seinm Ceoil"* gan ionramháil.

Beidh pionós -2 i gceist má luaitear *"Rince"*, *"Céilí"* nó *"Seisiún"* gan ionramháil.
Beidh pionós -2 i gceist má luaitear grúpa le hainm mí-oiriúnach.

**Pictiúr 1  Cén áit?  4 mharc**

Glac le hÓstán atá ainmnithe.

Beidh pionós -2 i gceist má luaitear *"Halla na Scoile", "Halla an Phobail", "Sa Scoil", "i Scoil Lorcáin" nó "Sa Halla Spóirt", "san óstán", "sa halla"*

Beidh pionós -3 i gceist má luaitear ainm áite gan Óstán nó Halla luaite leis.

**Pictiúr 2  Cén Lá ?  4 mharc**

Glac le lá ar bith atá ainmnithe:
*inniu; anocht; tráthnóna; amárach; ag an deireadh seachtaine; ar maidin; gach Luan; Ó Luan go Satharn; an tseachtain seo chugainn…*
Beidh pionós -1 i gceist má luaitear *"Dé Luain seo caite"…*

Beidh pionós -2 i gceist má luaitear *"Inné"* nó "*An tseachtain seo caite"…*

**Pictiúr 2  Dáta ?  3 mharc**

Glac le dáta ina bhfuil an mhí litrithe. Ní gá an bhliain a bheith luaite.
Samplaí :*13 Aibreán, 14 Aibreán 2014*
Glac le raon dátaí mar shampla: *4 Feabhra – 6 Feabhra*
Pionós -1 i gcás figiúirí: Samplaí : *8/6/14; 8-6-14*
Pionós -1 má tá an mhí litrithe ach gan dáta cinnte luaite: *Márta; Meitheamh…*

**Pictiúr 2  Am?  3 mharc**

Glac le ham ar bith atá inghlactha sa chomhthéacs
Samplaí : *Ocht a chlog; Meánlae/Meánoíche; 8 p.m; Am lóin; 4 p.m - 6 p.m.; tar éis na scoile…*

**Pictiúr 2  Cead isteach?  3 mharc**

Beifear ag súil le méid áirithe airgid le comhartha euro agus ceangal éigin le cead isteach:
Cead isteach: *€5, Cúig euro ag an doras, Ticéad €5…*

Pionós -2 i gcás méid airgid leis féin- *€5* nó sa chás go bhfuil an comhartha € in easnamh.

**Pictiúr 3  Cén t-aoi speisialta ?  4 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil.
Samplaí: *Aoi Speisialta – Sharon Shannon; Beidh Sharon Shannon ann; (Beidh) Sharon Shannon ag seinm/canadh.*

Pionós -2 i gcás a leithéid de: *Speisialta – Sharon Shannon*
Pionós -3 i gcás ainm lom a bheith luaite gan aon cheangal/gan aon ionramháil.
Ná glac le hainm eile nó aoi eile (fear nó bean).

**Pictiúr 4  Cá rachaidh an t-airgead ?  4 mharc**

Beidh ionramháil ag teastáil a chuirfidh in iúl go mbeidh an t-airgead ag dul go dtí an Halla Spóirt.
*Rachaidh an t-airgead go Scoil Lorcáin...go Halla Spóirt Scoil Lorcáin*
*Airgead ag dul go Scoil Lorcáin*
*Airgead : Scoil Lorcáin* nó *Airgead → Scoil Lorcáin*
*Ar son (Halla Spóirt) Scoil Lorcáin nó Halla Spóirt (nua)*

Pionós -1 i gcás "*Ar son Halla (Nua)*" nó "*Ar son na scoile*"

Pionós -2 i gcás Halla Spóirt Nua leis féin

Pionós -3 i gcás "Halla Spóirt" nó "Scoil Lorcáin" gan aon ionramháil gan aon cheangal.

**Cuir tic le gach freagra ar na mioncheisteanna. Léirigh na marcanna**.

- Leagan Amach = 1
- Pict. 1 = 4 + 4 = 8
- Pict. 2 = 4 + 3 + 3 + 3 = 13
- Pict. 3 = 4 = 4
- Pict. 4 = 4 = 4

| | |
|---|---|
| Cumarsáid ... | CUM (30) = 30 |
| Cruinneas Gaeilge ... | CR (10 ) = 10 |
| | 40 |

**(b) Foirm Iarratais** **(40 marc)**

Cumas Cumarsáide = 30 marc)
= 40 marc
Cruinneas Gaeilge = 10 marc)

(b) Tasc → Foirm Iarratais a líonadh – tá ceisteanna le freagairt agus **alt gearr** (timpeall 40 focal) le scríobh.

Cumas Cumarsáide = 30 marc

An Córas Marcála

| | | |
|---|---|---|
| Uimhir theileafóin | 1 mharc | 2 mharc |
| Seoladh | 2 mharc | 4 mharc |
| Aois | 1 mharc | 2 mharc |
| Dáta Breithe | 1 mharc | 2 mharc |
| Cén Scrúdú Teistiméireachta? | 1 mharc | 2 mharc |
| **Cúig** Ábhar scoile sa scrúdú | 5 mharc | 10 marc |
| **Trí** chaitheamh aimsire | 1½ mharc | 3 mharc |
| An réitíonn tú go maith le daoine? | ½ mharc | 1 mharc |
| Obair go luath gach maidin | ½ mharc | 1 mharc |
| Cén modh taistil atá agat? | ½ mharc | 1 mharc |
| Cén post ba mhaith leat? (tic) | ½ mharc | 1 mharc |
| Dáta (ag bun na foirme) | ½ mharc | 1 mharc |
| | **15 mharc** | **30 ÷ 2 = 15** |

**N.B. Ná bíodh ½ mharc le feiceáil in aon áit (m.sh. 21 ÷ 2 = 10½ = 11 mharc)**

- **Uimhir theileafóin**: Beifear ag súil leis an gcód i gcás an fhóin póca: 085 1234567
- **Seoladh**: Beidh dhá chuid ag teastáil, as Gaeilge más féidir. (2+2)
- **Aois**: Glac le figiúirí ach an aois a bheith réasúnta cruinn.
- **Dáta Breithe**: Dhá chuid ag teastáil, i bhfocail nó i bhfigiúirí: 23/4/1998, Márta 1998, 23 Márta …
- **Cén Scrúdú Teistiméireachta?** : Glac leis na scrúduithe seo a leanas: Ardteist, Teastas Sóisearach nó fiú Meánteist.
- **Cúig Ábhar scoile sa scrúdú:** Ná glac le hábhar ar bith i mBéarla seachas LCVP. Glac le hábhar ar bith a dhéantar ar scoil agus iarracht déanta ar é a litriú i gceart as Gaeilge. Cuir tic le gach ábhar.
- **Trí chaitheamh aimsire**: Glac le drochlitriú más léir gur leagan Gaeilge atá ann. (Sacar, Galf ...) Glac le ceann amháin díobh seo: Facebook, Twitter, Bebo… ach gan an dara ceann a chur san áireamh.

- **An réitíonn tú go maith le daoine?** : Freagra cumarsáideach ag teastáil.
- **An mbeidh tú sásta a bheith ag obair go luath gach maidin?**: Freagra cumarsáideach.
- **Cén modh taistil atá agat?** Glac le Rothar, Gluaisrothar, Carr, Tacsaí, Bus, Traein, Siúl nó Rith.
- **Dáta** (ag bun na foirme): Glac le figiúirí.

(ii) An t-Alt Gearr (timpeall 40 focal) 15 mharc

- Cumarsáid a mharcáil as (15) má tá an t-alt "ad rem".
- Cumarsáid a mharcáil as (5) mura bhfuil sé "ad rem".
- Timpeall 40 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta. Mar shampla mura bhfuil ann ach 30 focal agus é a bheith "ad rem", déanfar an t-alt a mharcáil as 15 mharc agus bainfear 25% den mharc bronnta.

Cruinneas Gaeilge = 10 marc

Bronn marc as 10 ar an gCruinneas Gaeilge san iarracht iomlán.

Caithfidh an marc don Chruinneas a bheith bunaithe ar an iarracht ina hiomláine (na freagraí ar na ceisteanna agus an t-alt gearr (timpeall 40 focal)).

Sampla:

CUM (30) = 24
CR (10) = 8
32
===========

**Ceist 5** Freagair (a) **NÓ** (b). **(50 marc)**

**(a) Cuntas (50 marc)**

Cumas Cumarsáide = 37 marc )
= 50 marc
Cruinneas Gaeilge = 13 mharc )

(a) Tasc → Cuntas (timpeall 90 focal) a scríobh in Iris na Scoile bunaithe ar **"Fhéile Cheoil"** mar atá léirithe sa phictiúr.

Cumas Cumarsáide = 37 marc

- Níor mhór cúig thagairt ar a laghad a bheith sa chuntas d'imeachtaí nó do thosca na hócáide. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-5 ón 37 atá ar fáil) i gcás gach tagairt in easnamh. ($37-5_t= 32$)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta:
  (mar shampla:- mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as an marc atá ar fáil don iarracht agus ansin timpeall 50% a bhaint den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcanna bronnta agus bainte a léiriú.

Glac le tagairtí do na rudaí seo:
An lá; am; aimsir; áit; cead isteach, ticéid, táille.
Bia agus deoch;
Banna ceoil, ceolchoirm, comórtas (ceoil/damhsa), rince, dioscó
Siopa (Póstaeir/T-Léinte)
Bus abhaile.....atmaisféar, cairde, slua, éadaí, spéaclaí dubha.
Conas ar thaitin an fhéile cheoil leat?

Cruinneas Gaeilge = 13 mharc

**Nó**

**(b) Eachtra (50 marc)**

Cumas Cumarsáide = 37 marc )
= 50 marc
Cruinneas Gaeilge = 13 mharc )

**(a)** Tasc → Scríobh faoi Eachtra a tharla **agus tú amuigh ag siúl le do chara.**

Cumas Cumarsáide = 37 marc

- Bheadh tagairt amháin do gach aon phictiúr tábhachtach chun go mbeadh fás nádúrtha ag baint leis an eachtra. Cúig thagairt ag teastáil san iomlán. Tá caighdeán na cumarsáide le cur san áireamh. Ná glac le cóipeáil lom.
- Pionós (-5) i gcás gach tagairt in easnamh. (37-5$_t$= 32)
- Glactar le foirm ar bith nó pearsa ar bith a fhad is atá an cur síos cumarsáideach, bunaithe ar an ócáid a léirítear.
- Ná glac le Béarla.
- Tá timpeall 90 focal ag teastáil.
- Sa chás nach mbeadh an t-alt fada go leor, bainfear céatadán cuí den mharc bronnta:
  (mar shampla:- mura bhfuil ann ach 45 focal, an t-alt a mharcáil as an marc atá ar fáil don iarracht agus ansin timpeall 50% a bhaint den mharc bronnta).
- An marc atá ar fáil don iarracht agus na marcana bronnta agus bainte a léiriú.

Cruinneas Gaeilge = 13 mharc

Glac leis na tagairtí seo leanas:

Pictiúr 1: Cailín ar rothar, duine ag tiomáint, ag siúl, aimsir, am, siopa, luas an chairr, ceol (raidió) sa charr

Pictiúr 2: Tharla timpiste, ní raibh an tiománaí ag tabhairt aire, bhuail (leag) an carr an cailín, thit sí, scread sí, gortaíodh í, uafás, glaoch teileafóin, fón póca…

Pictiúr 3: Otharcharr, sínteáin/giollaí, garda/leabhar nótaí, tiománaí ag caint leis an ngarda, stop an trácht, turas go dtí an t-ospidéal…

Pictiúr 4: An cailín san ospidéal, an mháthair ann, cuairteoirí, cos bhriste, plástar, bronntanas Milk Tray, áthas...

## Socruithe Réasúnta agus Scéim Mharcála Mhodhnaithe (SMM)

Cuirtear **Scéim Mharcála Mhodhnaithe** (**SMM**) i bhfeidhm ar an obair a chuireann iarrthóirí isteach ar deonaíodh ceann amháin nó níos mó de na socruithe seo a leanas dóibh:

- Úsáid téipthaifeadáin
- Úsáid próiseálaí focal
- Úsáid scríobhaí
- Tarscaoileadh maidir le litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach

**Sa chás go dtagann scrúdaitheoir cúnta trasna ar script a bhaineann le hiarrthóir ar cuireadh socruithe réasúnta ó thaobh scrúduithe de ar fáil dó/di**

- níor mhór don scrúdaitheoir cúnta a chur in iúl dá scrúdaitheoir comhairleach go bhfuil a leithéid de script le marcáil aige/aici.

- caithfidh an scrúdaitheoir comhairleach a mhíniú don scrúdaitheoir cúnta go bhfuil gach gné den Scéim Mharcála faoi mar atá leagtha amach le cur i bhfeidhm ó thaobh mharcáil na scripte de ach amháin nach mbeidh an litriú agus gnéithe áirithe den ghramadach san áireamh.

- míneoidh an scrúdaitheoir comhairleach don scrúdaitheoir cúnta go mbeifear ag déanamh fiosruithe ina thaobh seo lena chinntiú go bhfuil an Scéim Mharcála á cur i bhfeidhm ag an scrúdaitheoir cúnta ina leithéid de chás faoi mar ba cheart.

**Ceist 4**

Má tá tarscaoileadh i gceist marcálfar Gaeilge as 4 agus ansin an céatadán cuí as 10 a bhronnadh.
Sampla:

Cum (30) =19
* G (4) 3 = 8
27
=====

**Ceist 5**

Má tá tarscaoileadh i gceist marcálfar Gaeilge as 5 agus ansin an céatadán cuí as 13 a bhronnadh.

Sampla:

Cum (37) = 23
* G (5) 4 = 10
33
=====

# AN TRIAIL CHLUASTUISCEANA

## Ceist a hAon (Canúint  na Mumhan)

Haigh. Deirdre Ní Mhathúna anseo. Is Garda Síochána mé. Nuair a d'fhág mé an scoil thosaigh mé ar chúrsa innealtóireachta san Institiúid Teicneolaíochta i gCeatharlach. Ach d'éirigh mé as tar éis tamaill mar fuair mé áit i gColáiste Traenála an Gharda Síochána sa Teampall Mór. Tar éis trí bliana bhí mé cáilithe mar gharda. Faoi láthair, tá mé ag obair i gCill Chainnigh. Is breá liom mo phost mar gharda síochána agus bím ag cabhrú le daoine idir óg agus aosta. Mar chaitheamh aimsire bím ag imirt sacair le club atá in aice leis an stáisiún.

## Ceist a Dó (Canúint Chonnacht)

Is mise Liam. Is í an lúthchleasaíocht mo rogha spórt. Bím ag rith sa rás ocht gcéad méadar. Bím ag traenáil cúig lá sa tseachtain sa chlub spóirt i Staid Morton in aice leis an Aerfort. Caithim cúpla seisiún sa halla aclaíochta gach seachtain freisin. Glacaim páirt i gcomórtais go minic. Bíonn orm taisteal thar lear ach faighim airgead ón gComhairle Spóirt. Fuair mé scoláireacht ó Choláiste na hOllscoile, Baile Átha Cliath. Anois tá mé ag staidéar ar an ollscoil agus ag traenáil go dian. Ba bhreá liom rith ar son na hÉireann sna cluichí Oilimpeacha, sa bhliain dhá mhíle agus a sé déag.

## Ceist a Trí (Canúint Uladh)

*Ar an mbóthar...gluaisrothar ag stopadh*

**Fear:** Gabh mo leithscéal, ach an bhfuil a fhios agat cá bhfuil an bhunscoil? Caithfidh mé an pacáiste seo a fhágáil ann sula ndúnann an scoil.

**Bean:** An bhunscoil? Tá, gan dabht. Téigh go barr na sráide, thar an Choláiste agus thar an ollmhargadh. Feicfidh tú an bhunscoil ansin os comhair an tséipéil. Bíonn an scoil ar oscailt go dtí a trí a chlog de ghnáth.

**Fear:** Go raibh míle maith agat.

## Ceist a Ceathair (Canúint na Mumhan)

*Ar an mbóthar…gluaisteán ag stopadh.*

**Bean:** Heileo. Gabh mo leithscéal, a dhuine uasail. Tá mé tar éis dul ar strae. An bhféadfá a insint dom, le do thoil, cá bhfuil "Óstán na Páirce"? Cheap mé go raibh sé i lár an bhaile.

**Fear:** Tá tú an-ghar don Óstán. Lean ort díreach ar aghaidh. Ansin tóg an dara casadh ar clé. Ag barr an bhóthair sin, feicfidh tú Óstán na Páirce ar thaobh na láimhe deise.

**Bean:** Díreach ar aghaidh. An dara casadh ar clé agus ag barr an bhóthair, beidh sé ar thaobh na láimhe deise. Go raibh míle maith agat.

**Fear:** Fáilte romhat, a bhean uasail.

## Ceist a Cúig (Canúint Uladh)

Seo anois Réamhaisnéis na hAimsire: Tá an aimsir deas te inniu ach tá drochscéal agam daoibh. Fillfidh an drochaimsir thar oíche. Mar sin, beidh sé ag cur báistí gan stad gan staonadh amárach. Leanfaidh an bháisteach ar feadh an lae. Beidh an tráthnóna fliuch. Má tá tú ag dul go dtí an cluiche mór peile i bPáirc an Chrócaigh tráthnóna amárach, beir leat do chóta mór. Tá baol ann nach stopfaidh an bháisteach go dtí go mbeidh an oíche ann.

## Ceist a Sé (Canúint na Mumhan)

**Niamh:** Haigh, a Bharra, Cén scéal?

**Barra:** Dea-scéal, a Niamh. Fuair mé litir ón gColáiste Ealaíne, i mBaile Átha Cliath, maidin inniu.

**Niamh**: ... agus cad deir siad?

**Barra:** Tá orm dul go dtí an Coláiste i mBaile Átha Cliath Dé hAoine seo chugainn i gcomhair agallaimh.

**Niamh:** Iontach, a Bharra. Sin dea-scéal cinnte!

**Barra:** Ach, a Niamh, tá fadhb agam. Caithfidh mé a bheith sa Choláiste ar a naoi a chlog maidin Dé hAoine ach beidh stailc bus ar siúl an lá sin.

**Niamh:** Nach féidir leat dul ar an traein?

**Barra:** Ní féidir liom dul ar an traein mar beidh mé ró-dhéanach. Agus níl an t-airgead agam le haghaidh tacsaí.

**Niamh**: Ná bí buartha. Cabhróidh mise leat.

**Barra:** Ach conas is féidir leatsa cabhrú liom, a Niamh? Níl carr agatsa, an bhfuil?

**Niamh:** Níl, ach tá carr ag m'uncail Liam agus téann sé isteach go Baile Átha Cliath go luath gach Aoine. Labhróidh mé leis. Tabharfaidh sé síob sa charr duit agus beidh tú in am don agallamh maidin Dé hAoine.

**Barra:** A Niamh is iontach an cara thú. Rachaidh mé sa charr leis. Go raibh míle maith agat.

**Niamh:** Tá fáilte romhat, a Bharra. Ádh mór ort san agallamh. Feicfidh mé thú ag an dioscó oíche Dé hAoine.

## Ceist a Seacht (Canúint Uladh)

**Seosamh:** Dia duit, a Aoife. Inis dom ar líon tú foirm an CAO ?

**Aoife:** Líon mé seachtain ó shin í, a Sheosaimh. Ar líon tú féin foirm an CAO? Níl ach trí lá fágtha go dtí an dáta deiridh.

**Seosamh:** Níor líon mé go fóill í. Cén rogha a rinne tú féin, a Aoife?

**Aoife:** Roghnaigh mise cúrsa eolaíochta in Ollscoil Mhaigh Nuad. Is breá liom an eolaíocht. Is breá liom a bheith ag obair sa tsaotharlann.

**Seosamh:** Bhí mise ag smaoineamh ar chúrsa gnó a dhéanamh ach ní dóigh liom go mbeidh dóthain pointí agam dó.

**Aoife:** Cad é an dara rogha atá agat?

**Seosamh:** Bhuel, bheinn lán-sásta printíseacht a fháil mar mheicneoir. Dúirt m'uncail Jeaic liom go bhfaighinn printíseacht sa gharáiste ina bhfuil sé féin ag obair.

**Aoife:** Ach mar sin féin, nach gcaithfidh tú cúrsa de shaghas éigin a dhéanamh?

**Seosamh:** Cinnte, beidh orm cúrsa a dhéanamh, ach mar phrintíseach beidh mé ag tuilleamh airgid agus ag staidéar ag an am céanna.

**Aoife:** Bhuel, is léir go bhfuil do rogha déanta agat cheana féin, a rógaire.

**Seosamh:** Tá, a Aoife, tá mé cinnte de anois. Tá mo rogha déanta agam. Déanfaidh mé printíseacht mar mheicneoir.

**Aoife:** Bhuel, abhaile leat anois agus líon an fhoirm sin inniu ar eagla na heagla.

## Ceist a hOcht (Canúint Chonnacht)

**Nuala:** Haigh, a Chathail, Nuala anseo. Conas atá ag éirí leat sna scrúduithe?

**Cathal:** Tá siad an-deacair ar fad.

**Nuala:** Tá brón orm é sin a chloisteáil. Conas a chaith tú an deireadh seachtaine seo caite? Ar thóg tú sos ón staidéar?

**Cathal:** Níor thóg. Bhí mé ag staidéar an deireadh seachtaine ar fad. Níor éist mé le ceol agus níor fhéach mé ar an teilifís.

**Nuala:** Bhuel, beidh gach scrúdú thart Dé hAoine seo chugainn. An mbeidh tú ag dul amach ag ceiliúradh an oíche sin?

**Cathal:** Ní bheidh. Beidh mé ag fanacht sa bhaile an oíche sin.

**Nuala:** Ó a Chathail, tar amach linn oíche Dé hAoine seo chugainn. Beimid go léir ag dul go dtí an dioscó. Ná fan sa bhaile i d'aonar an oíche sin. Tar amach linn.

**Cathal:** Ní féidir liom, a Nuala. Caithfidh mé éirí go moch Dé Sathairn. Tá comórtas snámha agam Dé Sathairn.

**Nuala:** Is mór an trua é sin, a Chathail, ach tuigim duit. Cogar, cuir téacs chugam tar éis an chomórtais agus déanfaimid socrú bualadh le chéile.

**Cathal:** Déanfaidh mé sin, a Nuala. Slán.

**Nuala:** Go n-éirí leat sa chomórtas snámha Dé Sathairn, a Chathail. Slán.

Blank Page